C/2024/7056

4.12.2024

Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún — Staid na Réigiún agus na gCathracha san Aontas Eorpach agus na treoirlínte polaitiúla do Choimisiún Eorpach 2024-2029

(C/2024/7056)

AG FÉACHAINT:

— do Thuarascáil Bhliantúil 2024 an Aontais maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha ina dtugtar fianaise agus príomh-mholtaí do lucht na cinnteoireachta polaitiúla ar na leibhéil Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir leis na dúshláin is práinní a gcaithfear dul i ngleic leo le linn reachtas 2024-2029 an Aontais Eorpaigh;

— do Dhearbhú Mons a glacadh ag an 10ú Cruinniú Mullaigh Eorpach de chuid na Réigiún agus na gCathracha an 19 Márta 2024 – 'Tá sé de chumhacht ag na réigiúin agus na cathracha todhchaí níos láidre, níos cothroime agus níos athléimní a bhaint amach don Eoraip';

— do thorthaí na dtoghchán Eorpach a reáchtáladh an 6-9 Meitheamh 2024;

— do Chlár Oibre Straitéiseach 2024 a ghlac an Chomhairle Eorpach an 27 Meitheamh 2024;

— do Threoirlínte Polaitiúla 2024-2029 a thíolaic Uachtarán toghaí an Choimisiúin Eorpaigh an 18 Iúil 2024;

— don Phrótacal athnuaite maidir leis an gcomhar idir an Coimisiún Eorpach agus Coiste Eorpach na Réigiún an 4 Aibreán 2024, agus go háirithe d'Airteagal 3 de ina sonraítear go mbeidh ionchur ag CnaR i gClár Oibre an Choimisiúin Eorpaigh trí bhíthin rún uaidh maidir lena phríomhsheasaimh i dtaca leis an gClár Oibre don bhliain dár gcionn;

DE BHRÍ go leagtar béim ar na príomhghnéithe seo a leanas i dTuarascáil Bhliantúil 2024 an Aontais maidir le Staid na Réigiún agus na gCathracha:

— 1. Bhí muinín na saoránach as na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla ar an leibhéal is airde riamh in 2024 – 60 % –, an leibhéal is airde muiníne as aon leibhéal rialtais.

— 2. Is faoi na réigiúin agus na cathracha atá sé suas le 70 % de reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme, 50 % den infheistíocht phoiblí a dhéanamh agus 30 % den chaiteachas poiblí a chur ar fáil. Is iad a thugann faoi suas le 70 % de na gníomhaíochtaí a bhaineann le maolú an athraithe aeráide agus 90 % de na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an oiriúnú don athrú aeráide.

— 3. Beidh tionchar éagothrom ag an athrú aeráide; beidh costas an oiriúnaithe don athrú aeráide cothrom le EUR 120 billiún in aghaidh na bliana i gcás ardú teochta 2 º agus ardóidh sé go EUR 200 billiún in aghaidh na bliana i gcás ardú teochta 3-4 º. Tá 70 % de dhaonra an Aontais ag dul i ngleic le strus séasúrach maidir le huisce, agus 30 % den líon sin ina gcónaí i limistéir inar rud buan an strus sin.

— 4. Chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích, beidh gá le hinfheistíocht bhreise EUR 130 billiún in aghaidh na bliana le haghaidh chosaint an chomhshaoil agus EUR 350 billiún in aghaidh na bliana chun laghdú 55 % ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030. Beidh infheistíocht ollmhór ag teastáil ó réigiúin ina bhfuil tionscail dianfhuinnimh chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó thionscail throma, arb ionann iad agus 45 % den iomlán, a laghdú agus le costas an fhuinnimh a laghdú freisin.

— 5. Mar a tugadh le fios i dtuarascáil Draghi maidir lena bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa, beidh gá le hinfheistíocht sa nuálaíocht – lena n-áirítear i seirbhísí poiblí amhail an t-oideachas, an tsláinte, an tithíocht agus na seirbhísí sóisialta – agus le hathchóirithe institiúideacha, le go bhféadfar Comhaontú Eorpach maidir le Tionsclaíocht Ghlan a thabhairt i gcrích le go mbeidh tionscail iomaíocha agus poist ardcháilíochta ann.

— 6. Is é an t-athrú déimeagrafach dúshlán chreatlach athléimneach shocheacnamíoch an Aontais, toisc go bhfuil sé tuartha go mbeidh laghdú 17 milliún duine ar líon an daonra in aois fostaíochta i réigiúin na hEorpa in 2040 i gcomparáid le 2023; tá sé ag éirí níos deacra ina lán réigiún daoine oilte a mhealladh chucu agus a choinneáil.

— 7. Tá na ceantair thuaithe thíos leis go mór agus daonra na tuaithe ag laghdú thart ar 1 mhilliún duine gach bliain agus 800 feirm ag druidim gach lá, rud a fhágann go dtréigtear an talamh agus go bhfuil riosca dóiteáin níos mó ann.

— 8. Is é an beartas comhtháthaithe príomhbheartas infheistíochta an Aontais, agus is sa bheartas sin a théann 13 % d'infheistíocht iomlán na rialtas san Aontas. Is éard is aidhm do na cláir atá ann faoi láthair beagnach EUR 378 mbilliún a íoc in infheistíochtaí sna hearnálacha éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht ghnó, cruthú post agus feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh, agus 1,3 milliún post á gcruthú agus 0,5 % breise á chur le holltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais.

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

Rathúnas inbhuanaithe agus iomaíochas na hEorpa

1. Tá CnaR deimhin de go bhfuil géarghá leis an reachtóireacht níos fearr má tá uainn iomaíochas agus rathúnas an Aontais a mhéadú. Meabhraíonn sé gurb iad an choimhdeacht ghníomhach agus rannpháirtíocht iomlán na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a thugann an ionadaíocht dhaonlathach agus an taithí dhaonlathach is gá chun creat rialála an Aontais a fheabhsú.

2. Tacaíonn CnaR leis na tograí a leagtar amach i dtuarascáil Draghi maidir lena bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa a fhad a bhaineann sé le prionsabal na coimhdeachta a chur i bhfeidhm ar bhealach cliste gníomhach, is é sin an t-ualach rialála ar chuideachtaí an Aontais agus ar na húdaráis phoiblí a laghdú i réimsí áirithe agus rialachas ar leibhéal an Aontais a neartú i réimsí eile. Tugtar le tuiscint leis sin freisin gur gá an acmhainneacht riaracháin a neartú ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

3. Ar mhaithe le coimhdeacht ghníomhach iomchuí, measann CnaR gur cheart measúnú córasach a dhéanamh ar an tionchar ar na críocha a chumhdaítear le hAirteagal 174 CFAE agus anailís á déanamh ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, mar chuid de na measúnuithe tionchair chríochaigh.

4. Iarrann CnaR go gcuirfí gné il-leibhéil phróiseas rialála agus rialachas an Aontais san áireamh sa chomhaontú nua idirinstitiúideach maidir le simpliú agus feabhsú na reachtóireachta, i réimsí íogaire amhail an comhbheartas talmhaíochta. Iarrann sé freisin go mbeadh ról gníomhach ag CnaR sa chaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú nua agus maidir lena chur chun feidhme.

5. Iarrann sé freisin go gcuirfí feabhas mór ar na dálaí chun gnó a dhéanamh san Aontas. D'fhéadfadh seiceáil ar iomaíochas agus tástáil ar FBManna cuidiú leis an ualach rialála ar FBManna a laghdú.

6. Tá CnaR den tuairim gur cheart ról níos mó a bheith ag na réigiúin i gcur chun feidhme bheartais an Aontais maidir leis an aistriú digiteach. Ba cheart rochtain bhreise a thabhairt do na rialtais réigiúnacha ar phróisis chinnteoireachta i dtionscadail a bhaineann leis an mbonneagar digiteach, rud a chuirfeadh ar a gcumas beartais a oiriúnú do na riachtanais áitiúla agus claochlú digiteach cothrom a áirithiú ar fud na gceantar uirbeach agus tuaithe.

7. Tacaíonn CnaR go láidir leis an gcuspóir cur leis an infheistíocht san aistriú glas agus san aistriú digiteach agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais an mhargaidh saothair agus ar riachtanais scileanna a bheidh ann de thoradh na n-aistrithe sin. Creideann sé nach mór an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní príobháideacha.

8. Meabhraíonn CnaR a thábhachtaí atá sé gan baint d'uaillmhian an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus nach mór an Comhaontú sin a bheith fite fuaite leis an iomaíochas eacnamaíoch. Tá sé den bharúil gur cheart borradh a chur faoin aistriú go fuinneamh glan iontaofa inacmhainne, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail réigiúnacha agus áitiúla a bhunú chun cabhrú le teaghlaigh, le feirmeacha agus le FBManna agus iad i mbun an aistrithe. Ina theannta sin, ba cheart cumas cinnteoireachta na n-údarás réigiúnach agus an rochtain atá acu ar chistiú díreach do thionscadail fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, rud lena n-áiritheofar go mbeidh na húdaráis áitiúla in ann riachtanais shonracha atá ag na críocha a chur san áireamh. Le creat rialála solúbtha, thabharfaí tuilleadh cumhachta do na réigiúin a bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú glas.

9. Meabhraíonn CnaR do cheannairí AE nach mbeidh bláth faoi na réigiúin ná na cathracha ach mar chuid de mhargadh aonair dea-fheidhmiúil lena ndéantar soláthar don nuálaíocht tríd an iomaíocht chóir agus go mbraitheann sin freisin ar shaoirse gluaiseachta iomlán gan teorainneacha inmheánacha a bheith ann laistigh de limistéar Schengen. Molann sé don Choimisiún Eorpach nua leas a bhaint as na tuarascálacha a dhréachtaigh Enrico Letta agus Mario Draghi le déanaí trí bhearta a mholadh lena ndéanfar an margadh aonair a dhoimhniú agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas an Aontais a neartú san aistriú glas agus san aistriú digiteach, rud a fhágfaidh go mbeidh na haistrithe sin cóir do réigiúin uile an Aontais.

10. Cuireann CnaR i bhfios gur bunchloch den fhás agus den iomaíochas é tacú leis an ngluaiseacht trasteorann, le seirbhísí trasteorann agus le tionscadail bonneagair trasteorann sa mhargadh aonair, rud a thugann le tuiscint freisin gur gá an buiséad don Chomhar Críochach Eorpach a mhéadú amach anseo. Cuireann sé in iúl gur cheart tús áite a thabhairt, go háirithe, do chonairí agus tionscadail fhíor-riachtanacha TEN-T a thabhairt chun críche, ar conairí agus tionscadail iad atá ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch na réigiún agus chun an claochlú glas a bhaint amach.

11. Is díol sásaimh do CnaR an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach a fógraíodh le deireanas, arb é is aidhm dó éileamh ar amhábhair chriticiúla thánaisteacha a chruthú agus margadh aonair a fhorbairt do dhramhaíl. Iarrann sé go mbeadh na réigiúin agus na cathracha lánpháirteach ann, go háirithe tríd an soláthar poiblí agus an ról atá acu maidir leis an dramhaíl a laghdú agus a bhainistiú, gnólachtaí áitiúla a chumhachtú agus athrú iompraíochta a chur chun cinn.

12. Iarrann CnaR go ndéanfaí an tAontas Sláinte Eorpach a thabhairt chun críche gan mhoill, rud lena gcothófar an comhar trasteorann sa chúram sláinte. Iarrann sé an athuair go ndéanfaí tástálacha struis ar na córais sláinte, lena n-áirítear an plean ullmhachta agus coisc le haghaidh na réigiún trasteorann.

13. Iarrann CnaR go mbunófaí Aontas Fuinnimh Eorpach a bheadh lán-chomhtháite agus idirnasctha chun cur leis an rochtain atá ag an Aontas ar fhuinneamh glan, iontaofa agus inacmhainne, an tomhaltas fuinnimh a laghdú, freagairt níos fearr do na riachtanais áitiúla agus praghsanna inacmhainne a áirithiú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

14. Cuireann CnaR chun suntais gur gá cur chun feidhme agus fás na seirbhísí poiblí trasteorann a éascú i bpríomhréimsí ar nós na hidir-inoibritheachta agus seirbhísí leictreonacha doiciméad, an chomhair idir-réigiúnaigh, na tagairfhoghlama agus malartú sonraí ríomhrialtais.

15. Tacaíonn CnaR leis an mbéim atá á cur ag an gCoimisiún ar intleacht shaorga shábháilte agus iontaofa bunaithe ar chreat soiléir de cheanglais eiticiúla agus iarrann sé go mbeadh na cathracha agus na réigiúin lánpháirteach i gcur i bhfeidhm an chreata sin. Meabhraíonn sé nach mór aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a bheadh i gceist le haon deighilt a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh na hintleachta saorga.

Cosaint agus Slándáil na hEorpa

16. Tá CnaR i bhfabhar Margadh Aonair sa Chosaint Eorpach a chruthú, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach ag tionscal na cosanta san fhorbairt eacnamaíoch i réigiúin áirithe san Eoraip.

17. Meabhraíonn CnaR go bhfuil géarghá ag an tslándáil agus ag an gcosaint le bonneagar iompair athléimneach. Iarrann sé go dtabharfaí gealltanas láidir polaitiúil agus airgeadais maidir le deireadh a chur leis na naisc trasteorann atá in easnamh ar na leibhéil Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha le go bhféadfar an Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) a úsáid chun críoch sibhialta agus chun críoch míleata araon.

18. Tacaíonn CnaR leis an togra le haghaidh Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach. Meabhraíonn sé go bhfuil an-tábhacht leis na réigiúin agus na cathracha toisc go nascann siad an reachtaíocht Eorpach leis na bearta slándála náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear bearta chun an choireacht eagraithe, an gháinneáil ar dhrugaí agus ar dhaoine, agus bagairtí slándála eile, a chomhrac.

Tacú le daoine agus an tsamhail shocheacnamaíoch a neartú

19. Creideann CnaR go bhfuil beartas comhtháthaithe treisithe agus feabhsaithe tar éis 2027, a bheidh ar fáil ag gach réigiún, ina ghné ríthábhachtach le go bhféadfar cabhrú le cathracha agus réigiúin na hEorpa aghaidh a thabhairt ar an gclaochlú atá ag tarlú – glas, digiteach agus déimeagrafach –, gan aon duine a fhágáil ar lár agus iomaíochas an Aontais a áirithiú.

20. Iarrann CnaR go mbeadh beartas comhtháthaithe níos simplí, níos spriocdhírithe agus níos infheicthe ann agus diúltaíonn sé go diongbháilte d'aon iarrachtaí chun an beartas sin a lárú. Tá géarghá le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i gceapadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas má táthar chun cuspóirí an chomhtháthaithe shóisialta, eacnamaíoch agus chríochaigh a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní mór leas a bhaint as prionsabail sheanbhunaithe na bainistíochta comhroinnte, an rialachais il-leibhéil, na comhpháirtíochta agus an chur chuige réigiúnaigh agus áitbhunaithe chun an beartas comhtháthaithe a bheidh ann tar éis 2027 a threorú.

21. Iarrann CnaR go leanfaí de chuspóirí an Chiste um Aistriú Cóir a chur i gcrích sa bheartas comhtháthaithe a bheidh ann laistigh de CAI tar éis 2027. Tugann sé dá aire nach mbeidh rath ar an aistriú cóir gan cur chuige atá sonrach ó thaobh limistéir de, bunaithe ar an gcomhpháirtíocht, agus aird chuí á tabhairt ar éiceachórais thionsclaíocha na réigiún.

22. Meabhraíonn CnaR a thábhachtaí atá earnáil na ngluaisteán do gheilleagar an Aontais, óir cuireann an earnáil sin fostaíocht ar fáil do 13,8 milliún duine san Eoraip agus tugann sí cuntas ar 7 % de OTI an Aontais; iarrann sé go mbeadh straitéis chuimsitheach ann maidir le haistriú cóir agus inbhuanaithe réigiúin an tionscail gluaisteán, na réigiún guail agus na réigiún sin atá ag brath ar earnálacha eile dianfhuinnimh, ós rud é go mbeidh tacaíocht leanúnach an Aontais de dhíth orthu chun a gclaochlú a bhaint amach. Tugann CnaR dá aire go bhféadfadh dúshláin éagsúla monaraíochta agus margaidh a fhágáil go mbeadh sé deacair ag monaróirí gluaisteán na spriocanna diana maidir le hastaíochtaí CO_2 a bhaint amach dá bhflíteanna, spriocanna a thiocfaidh i bhfeidhm in 2026 agus, dá bhrí sin, tathantaíonn sé ar an gCoimisiún Eorpach machnamh a dhéanamh ar chur chuige níos céimsí a leanúint agus athbhreithniú a dhéanamh níos luaithe, in 2025, ar an reachtaíocht ábhartha d'fhonn dóthain ama a thabhairt do dhéantóirí gluaisteán Eorpacha a gcuid bpróiseas a chur in oiriúint. Ag an am céanna, cuireann CnaR chun suntais a thábhachtaí atá sé bonneagar inbhuanaithe iompair a bheith ann agus molann sé an tsoghluaisteacht sin atá neamhdhíobhálach don aeráid a neartú ar an iomlán.

23. Cuireann CnaR i bhfáth gur minic a chuireann na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha seirbhísí tábhachtacha soghluaisteachta agus iompair ar fáil chun na limistéir uile a nascadh le chéile, lena áirithiú go bhfuil an rochtain chéanna ar an margadh aonair ag na ceantair uirbeacha, ag na ceantair atá ar imeall na gceantar uirbeach agus ag na ceantair thuaithe agus go gcuirtear réitigh iompair inacmhainne inbhuanaithe ar fáil.

24. Is rímhór an ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le hearnáil na turasóireachta san Aontas Eorpach. Is san earnáil sin a ghintear 10 % d'OTI an Aontais, agus bíonn tionchar mór aici ar an bhfás eacnamaíoch, ar an bhfostaíocht agus ar an bhforbairt shóisialta. Ní mór an turasóireacht a aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta agus teastóidh straitéis thacúil ar leibhéal an Aontais chun an t-aistriú sin a bhaint amach.

25. Tugann CnaR dá aire an tiomantas polaitiúil athnuaite atá ann do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus do chur chun cinn an chomhionannais, agus na gealltanais a tugadh aghaidh a thabhairt ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus ar inacmhainneacht tithíochta tríd an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne agus tríd an bPlean Eorpach Infheistíochta atá beartaithe le haghaidh Tithíocht Inacmhainne agus Inbhuanaithe.

26. Cuireann CnaR chun suntais go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach, ar bhánú, róphlódú agus aosú an daonra, agus ar imirce daoine oilte trí bheartais phoiblí áirithe a thacóidh leis an 'ceart fanachta' trí dhaoine oilte a choinneáil agus lucht saothair oilte a mhealladh. Tacaíonn sé le tionscnaimh a chabhróidh leis an imirce dhleathach, rud atá ar cheann de na bealaí chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá ag pobail áitiúla. Iarrann sé go dtabharfaí isteach straitéisí mionsonraithe cuimsitheacha agus na hacmhainní iomchuí chun imircigh a chuimsiú agus a lánpháirtiú i sochaithe na hEorpa.

27. Iarrann CnaR go dtabharfaí níos mó tacaíochta chun scileanna digiteacha na saoránach a fhorbairt agus go dtabharfaí níos mó tacaíochta airgeadais do chathracha agus do réigiúin chun seirbhísí poiblí a dhigitiú d'fhonn a áirithiú go mbeadh rochtain chomhionann ag saoránaigh ar uirlisí nua don fhorbairt eacnamaíoch agus don chuimsiú sóisialta.

28. Tá CnaR i bhfabhar tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe agus iarrann sé, dá bhrí sin, na nósanna imeachta riaracháin a ghabhann le cabhair AE a fháil le haghaidh oibreacha athchóirithe fuinnimh a shimpliú.

Ár gcáilíocht saoil a chothú: uisce, an dúlra agus slándáil an tsoláthair bia

29. Cuireann CnaR i bhfios a thábhachtaí atá na cathracha agus na réigiúin maidir le córais bhia shláintiúla agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus iarrann sé an athuair go ndéanfaí an creatdlí maidir le córais bhia inbhuanaithe a fhoilsiú gan a thuilleadh moille.

30. Is díol sásaimh do CnaR an gealltanas tacaíocht a thabhairt d'fheirmeacha teaghlaigh agus don athnuachan ó ghlúin go glúin, cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí as an mbithéagsúlacht agus éiceachórais nádúrtha a chaomhnú, iomaíochas feirmeoirí a neartú agus iad a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála. Tá an-tábhacht le hioncam cóir d'fheirmeoirí chun bánú na tuaithe agus tréigean na talún a mhoilliú agus ceantair thuaithe bhríomhara tharraingteacha a áirithiú, agus chun spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar réigiúin talmhaíochta a bhfuil dúshláin uathúla rompu mar gheall ar an nganntanas uisce agus an t-athrú aeráide, trí thacaíocht spriocdhírithe a thabhairt chun taighde a dhéanamh ar bharra atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh agus ar theicneolaíochtaí uiscithe éifeachtúla.

31. Measann CnaR gur cheart buiséid na gcistí talmhaíochta, sin le rá an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, a mhéadú sa chéad chreat airgeadais eile den athchóiriú a dhéanfar amach anseo ar an gcomhbheartas talmhaíochta. Ina theannta sin, ba cheart an choinníollacht shóisialta a dhíothú ón tacaíocht a chuirtear ar fáil leis an gcomhbheartas talmhaíochta, na dálaí maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil a laghdú agus a shimpliú, agus deireadh a chur le héiciscéimeanna, ar fiú iad agus 23 % de na cistí a bhaineann le Colún I den chomhbheartas talmhaíochta. Ba cheart na cistí sin a ionchorprú sa chabhair dhíreach gan ceanglais bhreise a bheith ann chun iad a fháil.

32. Iarrann CnaR go mbeadh ról breise ag na réigiúin maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a bheidh ann sna blianta amach romhainn a bhainistiú i gcomhréir le saintréithe sonracha an limistéir agus na hearnála, chun beartais agus tacaíocht atá curtha i bhfeiliúint do limistéir shonracha a bhunú.

33. Molann CnaR go n-úsáidfí an Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan a fógraíodh le deireanas chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an chomhbheartais iascaigh agus chun páirt níos gníomhaí a thabhairt do na réigiúin i gcaomhnú agus i mbainistiú na n-acmhainní muirí, an iascaigh agus an dobharshaothraithe.

34. Meabhraíonn CnaR a thábhachtaí atá ról an gheilleagair ghoirm chun dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide, an dícharbónaithe agus an iomaíochais, agus is díol sásaimh dó go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Eorpach straitéis thionsclaíoch mhuirí agus straitéis Eorpach um chalafoirt a chur i dtoll a chéile.

35. Is díol sásaimh do CnaR an Straitéis Athléimneachta Eorpach maidir le hUisce a fógraíodh le deireanas agus iarrann sé go dtabharfaí tacaíocht bhreise do na réigiúin agus na cathracha le go bhféadfaidh siad dul i ngleic leis an nganntanas uisce agus le slándáil an tsoláthair uisce, déileáil le tuilte díobhálacha, agus na timthriallta nádúrtha uisce a athbhunú i gcomhréir leis na creatlaí áitiúla tíreolaíochta, aeráide agus socheacnamaíocha.

36. Iarrann CnaR go gcuirfí scórchlár leochaileachta san áireamh sa bheartas comhtháthaithe sna blianta amach romhainn, ós rud é go bhfuil riachtanais éagothroma ag na réigiúin maidir leis an oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide ar na sócmhainní nádúrtha agus tógtha, ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus ar shláinte agus ar shaol sóisialta na saoránach, mar is amhlaidh an cás sna réigiúin atá thíos leis na míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha atá acu mar a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE.

Ár ndaonlathas a chosaint agus ár luachanna a chaomhnú

37. Is mian le CnaR a chur in iúl go dtacaíonn sé leis na hiarrachtaí chun an comhionannas a bhaint amach do chách agus ba mhian leis ionchur a bheith aige sa straitéis nua maidir le comhionannas inscne. Dearbhaíonn sé athuair go bhfuil sé tiomanta an daonlathas Eorpach a chothú a thuilleadh ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear trí theagmháil a dhéanamh le daoine óga. Iarrann sé go mbeadh comhar níos dlúithe aige leis an gCoimisiún Eorpach maidir le hidirphlé áitiúil a eagrú leis na saoránaigh, lena n-áirítear trí líonra na gcomhairleoirí áitiúla agus réigiúnacha um ghnóthaí AE agus líonra na bPolaiteoirí Tofa Óga.

38. Cuireann CnaR chun suntais a thábhachtaí atá ról na réigiún agus na gcathracha maidir leis an smacht reachta a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh air, rud atá ina phríomhcholún den daonlathas áitiúil agus náisiúnta, ar rud é sin ar a bhfuil an tAontas bunaithe chun cobhsaíocht na mBallstát agus comhionannas le haghaidh saoránach an Aontais a ráthú.

39. Iarrann CnaR go mbeadh dlúthbhaint aige leis an Sciath um an Daonlathas Eorpach atá beartaithe, ós rud é gur féidir leis na réigiúin agus na cathracha cabhrú leis an mbréagaisnéis agus an ionramháil ar fhaisnéis a bhrath agus a chomhrac go réamhghníomhach.

An Eoraip Dhomhanda

40. Cuireann CnaR béim ar an tacaíocht bhuanseasmhach a thugann sé don Úcráin agus d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha na tíre sin, go háirithe trí Chomhghuaillíocht Eorpach na gCathracha agus na Réigiún ar mhaithe le hAtógáil na hÚcráine.

41. Cuireann sé chun suntais go spreagann an méadú an t-athchóiriú agus nach mór don mhéadú a bheith bunaithe ar an bhfiúntas i gcónaí. Ní mór don Aontas tacú le leibhéil na rialtas réigiúnach agus áitiúil chun an daonlathas, an smacht reachta, an urraim do chearta an duine, an dílárú agus an comhrac i gcoinne an éillithe a neartú, lena n-áirítear trí Chomhchoistí Comhairliúcháin agus Meithleacha de chuid CnaR. Iarrann CnaR go gcuirfí acmhainní iomchuí de chuid an Aontais ar fáil chun na tíortha is iarrthóirí a ullmhú do na hathchóirithe is gá a dhéanamh chun aontú leis an Aontas, ag díriú go háirithe ar an bhfothú acmhainneachta agus ar an bpiarfhoghlaim le haghaidh na n-údarás áitiúil agus réigiúnach.

42. Meabhraíonn CnaR gur gá gné chríochach an chomhair Eora-Mheánmhara a neartú, lena n-áirítear tríd an gComhthionól Réigiúnach agus Áitiúil Eora-Mheánmhara (ARLEM).

43. Leanfaidh CnaR de ról domhanda na réigiún agus na gcathracha a chur chun cinn i mbeartais na haeráide agus na bithéagsúlachta trí ghníomhaíochtaí taidhleoireachta aeráide ar an leibhéal fonáisiúnta agus i gcomhlachtaí agus i gcreataí ábhartha na Náisiún Aontaithe.

Beart a dhéanamh le chéile agus an tAontas a ullmhú don todhchaí

44. Tá gá le struchtúir agus próisis rialachais an Aontais a leasú ionas go mbeidh sé in ann na dúshláin atá roimhe a shárú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méadú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo agus a bhaineann le hiomaíochas an Aontais a mhéadú. Tá CnaR suite de go mbeidh gá le Conarthaí an Aontais a athrú le go mbeidh an tAontas réidh don todhchaí. Dá bhrí sin, iarrann sé go mbeadh an Coiste lánpháirteach i ngach beart le Conarthaí AE a athrú sna blianta amach romhainn. Faoi láthair, tá CnaR tiomanta an creat atá ann a bharrfheabhsú le go mbeidh ról níos gníomhaí ag na réigiúin agus na cathracha i reachtóireacht an Aontais.

45. Is díol sásaimh do CnaR an tiomantas atá ann buiséad nua-aimseartha a chruthú don Aontas, buiséad a bheidh bunaithe ar na príomhchúraimí, ar an tsimplíocht, ar an tionchar a bheidh aige, ar an urraim don smacht reachta agus ar na hacmhainní iomchuí a chur ar fáil. Dá bhrí sin, iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach na tograí ó na réigiúin agus na cathracha maidir le CAI tar éis 2027 a chur san áireamh ann. Meabhraíonn CnaR an athuair nach mór tacú le beartais áitbhunaithe i mbuiséad AE agus an rialachas il-leibhéil agus prionsabal na comhpháirtíochta a urramú sna pleananna náisiúnta.

46. Dá bhrí sin, iarrann CnaR ar na hinstitiúidí Eorpacha uile oibriú i gcomhar le chéile ar mhaithe le hAontas Eorpach a bheidh NÍOS GAIRE do na saoránaigh, NÍOS LÁIDRE ó thaobh smacht a choinneáil ar an aistriú tionsclaíochta agus feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais, NÍOS COMHTHÁITE trína áirithiú nach bhfágfar aon duine ná aon áit ar lár, agus NÍOS UAILLMHIANAÍ trína áirithiú go mbeidh buiséad AE oiriúnach don fheidhm atá leis sna blianta amach romhainn.

An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Vasco ALVES CORDEIRO